BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Cúigiú Dlísheomra, ina bhfuil cúigear Breithiúna ina suí)

13 Bealtaine 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Aontas custaim – Cód Custaim an Aontais – Ceart achomhairc – Airteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 – Cinneadh maidir le faisnéis taraife cheangailteach – Athbhreithniú breithiúnach – Ceartúchán – Éifeacht chúlghabhálach)

I gCás T-150/25,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Ostair), trí bhreith an 30 Eanáir 2025, a fuarthas ag an gCúirt an 21 Feabhra 2025, sna himeachtaí

Zollamt Österreich

v

G GmbH,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Cúigiú Dlísheomra, ina bhfuil cúigear Breithiúna ina suí),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. Sampol Pucurull (Rapóirtéir), Uachtarán, T. Pynnä, J. Laitenberger, M. Stancu agus W. Valasidis, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Martín y Pérez de Nanclares,

Cláraitheoir: M. P. Cullen, Riarthóir,

ag féachaint do tharchur na hiarrata ar réamhrialú ón gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta an 7 Márta 2025, de bhun an tríú mír d'Airteagal 50b de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

ag féachaint don ábhar dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad mhír d'Airteagal 50b de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus don easpa aon cheist neamhspleách léirithe de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 50b den Reacht sin,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 10 Nollaig 2025,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– G Gmbh, ag W. Gappmayer, Rechtsanwalt,

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó F. Meloncelli, avvocato dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Demeneix agus B. Eggers, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 21 Eanáir 2026,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagail 34, 34, 44 agus 45 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1, 'Cód Custaim an Aontais').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir G GmbH agus Zollamt Österreich (Oifig Custaim na hOstaire, 'an Oifig Custaim') maidir le haicmiú taraife tuirnicéad aon úsáide le cinneadh maidir le faisnéis taraife cheangailteach ('FTC').

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 26 agus 27 de Chód Custaim an Aontais:

> (26) Ba cheart go dtabharfaí cumhachtaí forleathana rialaithe d'údaráis chustaim agus ceart achomhairc d'oibreoirí eacnamaíocha chun cóimheá a dhaingniú idir an gá atá ag údaráis chustaim cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta custaim a áirithiú, ar thaobh amháin, agus an ceart atá ag oibreoirí eacnamaíocha go gcuirfí cóir chothrom orthu ar an taobh eile.
>
> (27) De réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, is gá, de bhreis ar an gceart achomharc a dhéanamh i leith aon chinnidh a ghlacann na húdaráis chustaim, a fhoráil go mbeidh sé de cheart ag gach duine éisteacht a fháil sula ndéanfar aon chinneadh a dhéanfadh dochar dó nó di. [...]'

4 Tá Airteagail 22 go 37 i Roinn 3 de Chaibidil 2 de Theideal I de Chód Custaim an Aontais, dar teideal 'Cinntí a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm'.

5 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 33(1) de Chód Custaim an Aontais, dar teideal 'Cinntí maidir le [FTC]':

> Ar iarratas a dhéanamh chucu, déanfaidh na húdaráis chustaim, cinntí a bhaineann le [FTC] [...].
>
> [...]'

6 Foráiltear mar seo a leanas míreanna 1 agus 3 go 6 d'Airteagal 34 de Chód Custaim an Aontais, dar teideal 'Bainistiú cinntí a bhaineann le [FTC]':

'1. Ní bheidh cinneadh FTC bailí a thuilleadh roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 33(3) i gcás nach mbeidh sé i gcomhréir leis an dlí níos mó, mar thoradh ar aon cheann den mhéid seo a leanas:

(a) leasú a ghlacadh ar na hainmníochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i [bpointe] (b) d'Airteagal 56(2);

(b) na bearta dá dtagraítear in Airteagal 57(4) a ghlacadh,

le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an leasaithe sin nó na mbeart sin.

[...]

3. Ní scoirfidh cinneadh FTC [...] de bheith bailí le héifeacht chúlghabhálach.

(4) De mhaolú ar Airteagal 23(3) agus ar Airteagal 27, déanfar cinntí FTC [...] a neamhniú i gcás ina mbeidh siad bunaithe ar fhaisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán ó na hiarratasóirí.

5. Cúlghairfear cinntí FTC [...] i gcomhréir le hAirteagal 23(3) agus le hAirteagal 28. Ní dhéanfar cinntí den sórt sin a chúlghairm, áfach, ar iarratas ó shealbhóir an chinnidh.

6. Ní fhéadfar cinntí FTC [...] a leasú.'

7 Tá Airteagail 43 go 45 i Roinn 6 de Chaibidil 2 de Theideal I de Chód Custaim an Aontais, dar teideal 'Achomhairc'.

8 Foráiltear le hAirteagal 44 de Chód Custaim an Aontais, dar teideal 'Ceart achomhairc' mar seo a leanas:

'1. Beidh ceart achomhairc ag duine ar bith i gcoinne cinnidh ar bith a dhéanfaidh na húdaráis chustaim maidir le cur i bhfeidhm reachtaíochta custaim a bhaineann go díreach nó ar bhonn aonair leis nó léi.

[...]

2. Féadfar ceart achomhairc a fheidhmiú in dhá chéim ar a laghad:

(a) i dtús báire, os comhair an údaráis chustaim nó os comhair údaráis bhreithiúnaigh nó os comhair comhlachta eile a cheapfaidh na Ballstáit chun na críche sin;

(b) ina dhiaidh sin, os comhair comhlachta neamhspleách ar airde é ná sin, a fhéadfaidh a bheith ina údarás breithiúnach nó ina choibhéis de chomhlacht speisialaithe, de réir na bhforálacha a bheidh i bhfeidhm sna Ballstáit.

[...]

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar dearbhú nó ceartú pras a dhéanamh, leis an nós imeachta achomhairc, ar chinntí arna ndéanamh ag na húdaráis chustaim.'

9 Foráiltear le hAirteagal 45 de Chód Custaim an Aontais, dar teideal 'Fionraí ar chur chun feidhme':

'1. Ní bheidh taisceadh achomhairc ina chúis le fionraí ar chur chun feidhme an chinnidh is ábhar díospóide.

2. Cuirfidh údaráis chustaim, áfach, cur chun feidhme cinnidh den sórt sin go hiomlán nó go páirteach ar fionraí i gcás ina mbeidh cúis mhaith acu le creidiúint nach bhfuil an cinneadh is ábhar díospóide ag luí leis an reachtaíocht chustaim nó go bhfuil an eagla ann go ndéanfar damáiste neamh-indeisithe don duine lena mbaineann.

[...]'

Dlí na hOstaire

10 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 279 den Bundesabgabenordnung (an Cód Cónaidhme um Cháin):

'(1) Ach amháin sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 278, ní mór don Chúirt Riaracháin rialú a thabhairt í féin i gcónaí ar shubstaint an cháis. Tá sé de cheart aici, sa chuid oibríochtúil agus sna forais araon, a tuairim a chur in ionad thuairim na n-údarás cánach agus, dá bhrí sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú, é a chur ar neamhní nó an t-achomharc a dhíbhe toisc é a bheith gan bhunús.

(2) Tá sé d'éifeacht ag neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid na himeachtaí a athbhunú sa stát ina raibh siad sular glacadh an cinneadh sin.

[...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 An 27 Deireadh Fómhair 2022, d'eisigh an Oifig Custaim, arna iarraidh sin ag G, cinneadh maidir le FTC i leith táirge ar a dtugtar 'tuirnicéad aon úsáide' a d'aicmigh sí faoi chód 4008 2190 00 de Tharaif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh, a raibh tréimhse bhailíochta dhearbhaithe aige ón 27 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2025.

12 An 22 Samhain 2022, thaisc G gearán i gcoinne chinneadh na hOifige Custaim, agus mhaígh sé go raibh an t-aicmiú taraife mícheart go hábhartha. Dhiúltaigh an Oifig Custaim don ghearán sin.

13 An 5 Bealtaine 2023, thug G caingean i gcoinne chinneadh na hOifige Custaim os comhair an Bundesfinanzgericht (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais, an Ostair). Le breithiúnas an 12 Márta 2024, sheas an Bundesfinanzgericht (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais) leis an achomharc agus leasaigh sé an cinneadh sin tríd an táirge atá i gceist a aicmiú faoi chód 4014 9000 00 de Tharaif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ón dáta a d'eisigh an Oifig Custaim an cinneadh sin.

14 Rinne an Oifig Custaim achomharc ar phointe dlí i gcoinne chinneadh an Bundesfinanzgericht (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais) os comhair an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Ostair), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ar an bhforas, ar bhonn Airteagal 279 den Chód Cónaidhme um Cháin, go raibh sé beartaithe ag an Bundesfinanzgericht (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais) an cinneadh maidir le FTC dá dtagraítear i mír 11 thuas a leasú go cúlghabhálach, rud nach gceadaítear le Cód Custaim an Aontais, go háirithe faoi Airteagal 34(3) agus (6) de.

15 De réir na cúirte a rinne an tarchur, i gcomhréir le hAirteagal 279(1) den Chód Cónaidhme um Cháin, go raibh an Bundesfinanzgericht (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais) i dteideal a tuairim féin a chur in ionad thuairim na hOifige Custaim agus, dá bhrí sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú le héifeacht chúlghabhálach go dtí an dáta a d'eisigh an Oifig Custaim é.

16 Mar sin féin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara go bhforáiltear go sainráite in Airteagal 34(4) de Chód Custaim an Aontais nach féidir neamhnithe cúlghabhálacha cinntí maidir le FTC ach amháin i gcás ina mbeidh siad bunaithe ar fhaisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán ón iarratasóir. Thairis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, faoi Airteagal 34(3) den Chód sin, nach scoirfidh cinntí maidir le FTC de bheith bailí le héifeacht chúlghabhálach. Ar deireadh, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 34(6) de Chód Custaim an Aontais nach bhféadfar cinntí maidir le FTC a leasú.

17 Mar sin féin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur an bhfuil tionchar ag Airteagal 34 de Chód Custaim an Aontais maidir le hachomhairc a thionscnaítear faoi Airteagal 44 den Chód sin.

18 Sa chomhthéacs sin, chinn an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'1. An bhfuil Airteagail 33, 34, 44 agus 45 [de Chód Custaim an Aontais] le léiriú, i bhfianaise an fhíorais go bhfuil ar na Ballstáit a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 44(4) [den Chód sin], go gceadaítear leis an nós imeachta achomhairc cinntí arna nglacadh ag na húdaráis custaim a dheimhniú nó a cheartú go pras, sa chaoi go bhfuil an cinneadh maidir le hachomharc a taisceadh faoi Airteagal 44(2) [de Chód Custaim an Aontais] sin i gcoinne [FTC] arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 33 den [Chód] sin [cúlghabhálach] go dtí an dáta a d'eisigh an oifig custaim [FTC] sin?

2. Sa chás go dtabharfar freagra diúltach ar an gcéad cheist:

An bhfuil Airteagail 33, 34, 44 agus 45 [de Chód Custaim an Aontais] le léiriú sa chaoi go bhféadfaidh na Ballstáit a fhoráil ina rialacha nós imeachta náisiúnta go bhfuil an cinneadh maidir le hachomharc a [thionscnaítear] faoi Airteagal 44(2) den [Chód] sin i gcoinne [FTC] arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 33 den [Chód] sin cúlghabhálach go dtí an dáta a d'eisigh an oifig custaim [FTC] sin?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

19 Lena dhá cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 44(4) de Chód Custaim an Aontais a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear go mbeidh an cinneadh

ó údarás breithiúnach a éisteann achomharc arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 44(2) den Chód sin i gcoinne cinneadh maidir le FTC cúlghabhálach go dtí an dáta a d'eisigh na húdaráis chustaim an cinneadh maidir le FTC sin.

20 I gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Chód Custaim an Aontais, tá sé de cheart ag sealbhóir cinnidh a bhaineann le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim a rinne na húdaráis chustaim achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin.

21 Thairis sin, faoi Airteagal 44(4) de Chód Custaim an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar dearbhú nó ceartú pras a dhéanamh, leis an nós imeachta achomhairc, ar chinntí arna ndéanamh ag na húdaráis custaim.

22 Dá bhrí sin, tá sé d'éifeacht ag na cinntí arna nglacadh ag na húdaráis bhreithiúnacha na cinntí maidir le FTC a ndearnadh agóid ina gcoinne os comhair na n-údarás sin a dheimhniú, má dhiúltaítear don achomharc, nó a cheartú, má sheastar leis an achomharc.

23 Ní mór a lua, áfach, nach sonraítear in Airteagal 44(4) de Chód Custaim an Aontais conas a dhéanfar cinntí maidir le FTC a cheartú, ós rud é nach dtugtar sainmhíniú ann ar an téarma 'ceartú' ná nach ndéantar tagairt ann don dlí náisiúnta ina leith sin.

24 Dá bhrí sin, is léir ó chásdlí socair nach mór brí agus raon feidhme na dtéarmaí nach bhforáiltear aon sainmhíniú dóibh le dlí an Aontais agus nach ndéantar aon tagairt maidir leo do dhlí na mBallstát a chinneadh trí thagairt dá ngnáthbhrí sa ghnáthchaint, agus an comhthéacs ina dtarlaíonn siad agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha ar cuid díobh iad á gcur san áireamh (féach breithiúnas an 20 Samhain 2025, *Servoprax (Tuirnicéid leighis)*, C-631/23, EU:C:2025:906, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa ghnáthchaint, go sainmhínítear an t-ainm briathartha 'ceartú' mar ghníomh chun rud éigin a réiteach nó a leasú chun é a dhéanamh cruinn nó iomchuí.

26 Cé nach féidir a chinneadh go soiléir le foclaíocht Airteagal 44(4) de Chód Custaim an Aontais an bhfuil éifeachtaí cúlghabhálacha ag an gceartúchán dá bhforáiltear leis, ba cheart a thabhairt faoi deara mar sin féin go bhféadfadh leasú cúlghabhálach ar an gcinneadh sin a bheith i gceist le ceartúchán tapa ar chinneadh maidir le FTC neamhdhleathach. Go deimhin, ar an mbealach sin, tairbheoidh sealbhóir an chinnidh maidir le FTC mícheart de cheartúchán iomlán arb é is aidhm dó, *inter alia*, an t-aicmiú ceart a thabhairt isteach, toisc go meastar nach raibh an FTC mícheart bailí riamh.

27 Dá bhrí sin, in éagmais aon léiriú dá mhalairt i bhfoclaíocht Airteagal 44(4) de Chód Custaim an Aontais, féadfar an coincheap 'ceartúchán' a thuiscint amhail nach gcuirtear cosc leis ar cheartúchán cúlghabhálach atá beartaithe chun an t-ábhar ba cheart a bheith aige a thabhairt don chinneadh maidir le FTC tráth a glacadh é.

28 Ar an dara dul síos, maidir leis an anailís chomhthéacsúil, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhféadfadh Airteagal 33 de Chód Custaim an Aontais ná Airteagal 34 den Chód sin a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais lena bhforáiltear go mbeidh cinneadh ó údarás breithiúnach a éisteann achomharc arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 44(2) den Chód sin i gcoinne cinneadh maidir le FTC cúlghabhálach go dtí an dáta a d'eisigh na húdaráis chustaim an cinneadh sin.

29 Go deimhin, tá Airteagail 33 agus 34 de Chód Custaim an Aontais, ar thaobh amháin, agus Airteagal 44 den Chód sin, ar an taobh eile, le feiceáil i ranna éagsúla de Chód Custaim an Aontais, an chéad cheann acu i Roinn 3 de Chaibidil 2 de Theideal I den Chód sin, dar teideal 'Cinntí a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm', agus an ceann eile i Roinn 6 de Chaibidil 2 de Theideal I den Chód sin, dar teideal 'Achomhairc'.

30 Thairis sin, le hAirteagal 33 de Chód Custaim an Aontais tugtar an inniúlacht FTCanna a eisiúint do riaracháin chustaim na mBallstát atá freagrach as an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, rialaítear le hAirteagal 34 de Chód Custaim an Aontais bainistiú FTCanna agus, go sonrach, scor de bhailíocht, cúlghairm, leasú nó neamhniú cinntí maidir le FTC ag na húdaráis chustaim. Mar sin féin, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir na húdaráis bhreithiúnacha atá freagrach as rialú a thabhairt, i gcomhréir le hAirteagal 44 de Chód Custaim an Aontais, ar achomhairc in aghaidh cinntí arna ndéanamh ag na húdaráis chustaim agus na húdaráis sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2023, *OGL-Food Trade Lebensmittelvertrieb*, C-770/21, EU:C:2023:690, mír 69).

31 Dá bhrí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 50 dá Thuairim, ní féidir le héifeachtaí ama chinntí na n-údarás custaim difear a dhéanamh do chinntí na n-údarás breithiúnach ná aon tionchar a imirt ar na húdaráis sin, ós rud é nach ndearna reachtas an Aontais an chaoi a gcaitear le cinntí na n-údarás breithiúnach a ailíniú le cinntí na n-údarás custaim.

32 Dá bhrí sin, ní rialaítear le hAirteagail 33 agus 34 den Chód sin an cheist an bhfuil cinntí a rinneadh tar éis achomharc a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 44(2) de Chód Custaim an Aontais cúlghabhálach.

33 Ar an dara dul síos, leanann sé ó Airteagal 45 de Chód Custaim an Aontais, atá sa roinn chéanna le hAirteagal 44 den Chód sin, go gcuirfidh na húdaráis chustaim cur chun feidhme cinnidh maidir le FTC, ar cinneadh é ar tugadh achomharc ina choinne, go hiomlán nó go páirteach ar fionraí i gcás ina mbeidh cúis mhaith acu le creidiúint nach bhfuil an cinneadh sin ag luí leis an reachtaíocht chustaim nó go bhfuil an eagla ann go ndéanfar damáiste neamh-indeisithe don duine lena mbaineann.

34 Leanann sé ó chásdlí na Cúirte nach mór do chúirt a dtugtar díospóid os a comhair a rialaítear le dlí an Aontais a bheith in ann bearta eatramhacha a dheonú chun éifeachtacht iomlán an chinnidh bhreithiúnaigh ina dhiaidh sin a áirithiú maidir leis na cearta a bhfuiltear ag brath orthu ar bhonn dhlí an Aontais a bheith ann. Dá bhrí sin, ní chuirtear teorainn le hAirteagal 45 de Chód Custaim an Aontais ar chumhacht na n-údarás breithiúnach, a éisteann achomharc arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 44(2) den Chód sin, oibriú an chinnidh atá faoi chonspóid a chur ar fionraí chun a n-oibleagáid éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais a áirithiú a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Eanáir 2001, *Kofisa Italia*, C-1/99, EU:C:2001:10, míreanna 48 agus 49).

35 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 66 dá Thuairim, is gá go mbeadh dlúthbhaint ag deonú fionraí na hoibríochta leis an bhféidearthacht staid dhlíthiúil na n-oibreoirí eacnamaíocha a athbhunú go cúlghabhálach chun cosc a chur orthu damáiste airgeadais míchuí a fhulaingt i gcás ina gcruthaítear go bhfuil cinneadh tosaigh mícheart.

36 Dá bhrí sin, ní féidir le hAirteagal 45 de Chód Custaim an Aontais teorainn a chur leis an bhféidearthacht atá ag na húdaráis bhreithiúnacha, a éisteann achomharc arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 44(2) den Chód sin i gcoinne cinneadh maidir le FTC, éifeacht chúlghabhálach a dheonú don chinneadh a rinneadh ar an achomharc sin chun a n-oibleagáid éifeachtacht iomlán an achomhairc sin a áirithiú a chomhlíonadh.

37 Ar an tríú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtacaítear le léiriú den sórt sin freisin le cuspóir Airteagal 44 de Chód Custaim an Aontais, is é sin ceart na n-oibreoirí eacnamaíocha achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh ó údarás custaim a ráthú.

38 Go deimhin, mar is léir ó aithrisí 26 agus 27 de Chód Custaim an Aontais, is faoi na Ballstáit atá sé córas leigheasanna breithiúnacha a bhunú chun a áirithiú go n-urramófar an ceart bunúsach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, mar a ráthaítear leis an gcéad mhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

39 Ní féidir a mheas go bhfuil achomharc éifeachtach mura gcuireann sé deireadh leis an gcás a eascraíonn as FTC neamhdhleathach agus mura gcuireann sé an t-oibreoir eacnamaíoch is sealbhóir ar an gcinneadh a bhaineann leis an FTC sin sa chás ina mbeadh sé murach gur tharla an neamhdhleathacht atá i gceist.

40 Ina theannta sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 62 dá Thuairim, d'fhéadfadh sé a bheith contrártha don cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil ligean do na héifeachtaí a bhaineann le cinneadh maidir le FTC a mheastar a bheith neamhdhleathach leanúint de bheith ann, ós rud é go gcoinneofaí éifeachtaí den sórt sin ar bun i leith oibreoir eacnamaíoch a rinne achomharc i gcoinne an chinnidh sin laistigh den tréimhse fhorordaithe mar sin féin.

41 Mar is léir ó mhíreanna 26 agus 27 den bhreithiúnas seo, ní féidir le hAirteagal 44(4) de Chód Custaim an Aontais, thairis sin, cosc a chur ar na húdaráis bhreithiúnacha, a éisteann achomharc faoi Airteagal 44(2) den Chód sin, a ordú go mbeidh an cinneadh maidir le hachomharc a dhéantar i gcoinne cinneadh maidir le FTC cúlghabhálach ón dáta a d'eisigh an t-údarás custaim an FTC sin, chun a n-oibleagáid éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais a áirithiú a chomhlíonadh.

42 Thairis sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil deimhneacht dhlíthiúil ar cheann de na prionsabail ghinearálta a aithnítear i ndlí an Aontais. Rannchuidíonn cineál chríochnaitheach cinnidh riaracháin, a fhaightear ar dhul in éag teorainneacha ama réasúnta le haghaidh achomhairc nó trí leigheasanna a ídiú, leis an gcinnteacht sin agus fágann sé sin nach gceanglaítear le dlí an Aontais go mbeidh sé d'oibleagáid ar chomhlacht riaracháin, i bprionsabal, cinneadh riaracháin atá tagtha chun bheith de chineál chríochnaitheach a athoscailt (breithiúnas an 13 Eanáir 2004, *Kühne & Heitz*, C-453/00, EU:C:2004:17, mír 24).

43 Mar sin féin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 60 agus 61 dá Thuairim, ní cheanglaítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla ach amháin nach dtiocfaidh éifeachtaí cinnidh maidir le FTC is ábhar d'achomharc chun bheith críochnaitheach go dtí go ndiúltófar go cinntitheach don achomharc nó, in éagmais achomhairc, ó dhul in éag na dteorainneacha ama a leagtar síos chun na críche sin. Dá bhrí sin, ní féidir brath ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla chun údar a thabhairt le héifeachtaí cinnidh maidir le FTC a choinneáil ar bun sa tréimhse idir a theacht i bhfeidhm agus seasamh leis an achomharc breithiúnach a tionscnaíodh ina choinne.

44 Thairis sin, murab ionann agus an mhéid a mhaíonn Rialtas na hIodáile, ar dá réir go mbeadh sé deacair a áirithiú go bhfuil eolas iarbhír ag na Ballstáit eile go léir ar chinneadh breithiúnach náisiúnta lena neamhnítear nó lena gceartaítear le héifeacht chúlghabhálach, ba cheart a thabhairt faoi deara, faoi Airteagal 21(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 558), go bhfuil córas leictreonach arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Chód Custaim an Aontais le húsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil a bhaineann le hiarratais agus cinntí maidir le FTC nó le haon teagmhas ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don iarratas tosaigh nó don chinneadh tosaigh. Dá bhrí sin, agus mar a dheimhnigh an Coimisiún Eorpach ag an éisteacht, i gcás ina ndéantar cinneadh maidir le FTC a neamhniú nó a leasú tar éis cinneadh ó údarás breithiúnach, déanann an t-údarás custaim lena mbaineann an fhaisnéis isteach sa chóras leictreonach sin trí chód neamhbhailíochta a bhaineann leis an gcinneadh maidir le FTC, mar aon leis an dáta comhfhreagrach, agus dá bhrí sin tá sí le feiceáil ag na húdaráis chustaim uile.

45 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear nach mór Airteagal 44(4) de Chód Custaim an Aontais a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear go mbeidh an cinneadh ó údarás breithiúnach a éisteann achomharc arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 44(2) den Chód sin i gcoinne cinneadh maidir le FTC cúlghabhálach go dtí an dáta a d'eisigh na húdaráis chustaim an cinneadh maidir le FTC sin.

Costais

46 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar an bhforas sin,

rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Cúigiú Dlísheomra, ina bhfuil cúigear Breithiúna ina suí)

mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (UE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear go mbeidh an cinneadh ó údarás breithiúnach a éisteann achomharc arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 44(2) den Chód sin i gcoinne cinneadh maidir le faisnéis taraife cheangailteach cúlghabhálach go dtí an dáta a d'eisigh na húdaráis chustaim an cinneadh maidir le faisnéis taraife cheangailteach sin.

Sampol Pucurull Pynnä Laitenberger

Stancu Valasidis

Arna tabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg an 13 Bealtaine 2026.

[Sínithe]